Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11821/23**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0266(COD)**

**TRANS 312**
**CLIMA 355**
**CODEC 1370**
**IA 185**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 442 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 442 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 442 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 11.7.2023
SWD(2023) 442 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair**

{COM(2023) 441 final} - {SEC(2023) 441 final} - {SWD(2023) 440 final} - {SWD(2023) 441 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

### Measúnú tionchair ar CountEmissionsEU

### A. An gá atá le gníomhaíocht

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?**

Úsáidtear modhanna cuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i roinnt earnálacha eacnamaíocha, lena n- áirítear an earnáil iompair, chun sonraí a ghiniúint maidir leis na hastaíochtaí a tháirgtear i ngníomhaíochtaí sonracha gnólachtaí agus daoine aonair. Tá níos mó trédhearcachta á lorg ag gnólachtaí agus tomhaltóirí maidir leis an mbealach a n- eagraítear agus a soláthraítear seirbhísí iompair, agus tá méadú ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí a íoslaghdaíonn an díobháil don aeráid. Nuair a sholáthraítear faisnéis shoiléir maidir le hastaíochtaí GCT, cuirtear ar a gcumas do chustaiméirí roghanna níos éifeachtúla a dhéanamh agus imrítear tionchar ar chinntí gnó eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí iompair ar an margadh. Mar sin féin, chun seirbhísí iompair iomadúla a chur i gcomparáid le chéile ar bhealach cóir, trédhearcach agus fiúntach, ní mór do na sonraí maidir le hastaíochtaí a bheith cruinn agus iontaofa.

Tá réimse leathan caighdeán, modhanna, uirlisí ríofa agus bunachar sonraí maidir le luachanna astaíochtaí réamhshocraithe ar fáil san Aontas agus go hidirnáisiúnta i láthair na huaire. Táirgeann na huirlisí éagsúla sin sonraí nach bhfuil comhsheasmhach, sonraí neamh- inchomparáide maidir le hastaíochtaí GCT lena gcruthaítear mearbhall don tionscal agus do dhaoine aonair, agus a chuireann bac ar chumas na n- úsáideoirí roghanna iompair agus cinntí gnó eolacha a dhéanamh. Ina theannta sin, tá easpa dreasachtaí ar fáil d'eagraithe agus oibreoirí seirbhíse iompair chun faisnéis faoi astaíochtaí GCT a seirbhísí a ríomh agus a nochtadh, agus tá easpa faisnéise cruinne ag úsáideoirí. Baineann sé sin leis an drogall atá ann maidir le faisnéis íogair tráchtála a nochtadh, an chastacht mheasta agus na costais mheasta a bhaineann le sonraí maidir le hastaíochtaí GCT a chainníochtú ar an leibhéal seirbhíse iompair, agus an easpa muiníne sna figiúirí astaíochtaí a roinntear ar an margadh.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Leis an tionscnamh seo féachtar leis na bacainní i ndáil le cuntasaíocht astaíochtaí GCT shoiléir chomhchuibhithe a shárú, agus a ghlacadh ar an margadh iompair trí chreat coiteann agus rialacha sonracha a chruthú. Leis an gcreat sin spreagfar athrú iompraíochta i measc gnólachtaí agus custaiméirí chun astaíochtaí GCT a laghdú agus seirbhísí iompair a dhéanamh níos éifeachtúla.

Ar thaobh amháin, is é is aidhm don tionscnamh ná a áirithiú go bhfuil sonraí maidir le hastaíochtaí GCT inchomparáide, trí mhodh tagartha coiteann agus tacar comhchuibhithe sonraí ionchuir a sholáthar d'oibreoirí agus úsáideoirí. Ar an taobh eile, tá sé d'aidhm aige glacadh a spreagadh i ndáil le cuntasaíocht astaíochtaí GCT seirbhísí iompair i gcleachtais ghnó trí bhíthin uirlisí ríofa iontaofa a sholáthar, chomh maith le scéim choiteann fíorúcháin agus treoraíocht maidir leis an mbealach chun an creat a úsáid.

**Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Socraítear leis an tionscnamh rialacha comhchuibhithe maidir le cuntasaíocht astaíochtaí GCT seirbhísí iompair chun gnólacht a spreagadh le hastaíochtaí a ríomh agus tugtar an deis sonraí GCT a ailíniú ar fud na modhanna agus na líonraí náisiúnta. Ní féidir an leibhéal comhchuibhithe sin, a chumhdaíonn roghanna modheolaíochta, sonraí ionchuir agus rialacha coiteanna um fhíorú go príomha, a bhaint amach go héifeachtach trí ghníomhaíochtaí na mBallstát aonair amháin.

Ceapadh CountEmissionsEU mar chumasóir don phobal iompair chun an t- aistriú glas a éascú. Agus trédhearcacht níos fearr maidir le feidhmíocht astaíochtaí seirbhísí iompair á háirithiú, agus tacaíocht á tabhairt do thomhaltóirí sonraí maidir le hastaíochtaí GCT a úsáid chun roghanna iompair sonracha a dhéanamh, chabhrófaí le dreasachtaí a chruthú chun réitigh níos inbhuanaithe a úsáid agus chun an líonra iompair Eorpach a nuáil.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

Rinne an Coimisiún measúnú ar shé rogha beartais i measúnú tionchair. Sna roghanna uile moltar réitigh ar na fadhbanna a aithnítear, ach tá siad éagsúil i dtéarmaí raon feidhme na gníomhaíochta a

bheadh beartaithe ar leibhéal an Aontais:

- Áirítear i Rogha 1 modheolaíocht ríofa chuimsitheach bunaithe ar chaighdeán ISO 14083[1], córas láraithe le haghaidh sonraí ionchuir, agus uirlis ríofa amháin le haghaidh astaíochtaí GCT arna cruthú ar leibhéal an Aontais. Moltar ann freisin fíorú éigeantach agus moltar go ndéanfaí an creat infheidhme maidir leis na comhlachtaí uile atá páirteach i seirbhísí iompair.
- Cuimsítear i Rogha 2 modheolaíocht níos fabhraí arna soláthar ag caighdeán domhanda ISO 14083[2] i dteannta rialacha infheidhmeachta agus fíorúcháin atá go hiomlán roghnach. Amhail Rogha 1, áirítear i Rogha 2 bunachair sonraí láraithe le haghaidh sonraí ionchuir agus uirlis ríofa amháin le haghaidh astaíochtaí GCT.
- Tá gné cheangailteach 'roghnú a bheith páirteach' ag baint le húsáid CountEmissionsEU ag Roghanna 3, 4 agus 5, rud a chiallaíonn nach bhfuil feidhm ag an gcreat coiteann ach amháin maidir le comhlachtaí a roghnaíonn a gcuid faisnéise maidir le hastaíochtaí GCT a bhaineann le seirbhísí iompair a ríomh agus a nochtadh. Tá cur chuige leathláraithe acu i ndáil le sonraí ionchuir freisin, ionas gur féidir, faoi dhálaí áirithe, bunachair sonraí ionchuir sheachtracha a úsáid (ach amháin faoi Rogha 5 le bunachair sonraí iomlán láraithe an Aontais), rud lena dtugtar solúbthacht trí chead a thabhairt do thríú páirtithe uirlisí ríofa astaíochtaí GCT a sholáthar. Tá na roghanna seo difriúil i dtéarmaí na rogha modheolaíochta, i.e. caighdeán ISO nuashonraithe 14083 i Rogha 3, caighdeán ISO iomlán 14083 i gcás Rogha 4 agus Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge[3] i gcás Rogha 5.
- Áirítear i Rogha 6 tacar beart beartais atá nach mór mar an gcéanna leis na bearta atá i Rogha 4, ach amháin go mbeadh an rialachán sainordaitheach i ndáil leis na heintitis uile a bheadh páirteach i soláthar nó eagrú seirbhísí iompair.

Tá coinne leis, i gcás na roghanna uile, go dtiocfadh méadú ar ghlacadh na cuntasaíochta astaíochtaí i gcoibhneas leis an mbonnlíne.

Tar éis an mheasúnúcháin, shainaithin an Coimisiún gurbh í Rogha 4 an rogha thosaíochta. Baintear amach léi an chothromaíocht is fearr idir na cuspóirí atá le gnóthú agus na costais fhoriomlána.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?**

D'fhormhuinigh na páirtithe leasmhara ábharthacht na bhfadhbanna a sainaithníodh ar an mórgóir, agus d'aontaigh siad leis na cuspóirí. Soláthraítear leo ionchur úsáideach i ndáil leis an mbonnlíne le haghaidh ghlacadh na cuntasaíochta astaíochtaí GCT a ríomh, agus cuireadh le forbairt agus measúnú na mbeart agus roghanna beartais ábhartha. Mar fhreagairt ar an gceist maidir le modheolaíocht thagartha choiteann chun astaíochtaí a ríomh, thagair formhór na bpáirtithe leasmhara don chur chuige atá ann cheana nó an cur chuige atá ag teacht chun cinn i ndáil le cuntasaíocht GCT, go háirithe iad siúd lena ngabhann raon feidhme domhanda i ndáil le hastaíochtaí a ríomh.

A mhéid a bhaineann le sonraí ionchuir, mhol páirtithe leasmhara gur cheart don Aontas úsáid sonraí príomhúla a chur chun cinn, agus timpeallacht choiteann um luachanna réamhshocraithe a chruthú chun í a úsáid i gcás nach bhfuil na sonraí príomhúla le fáil nó inrochtana. Chuir siad in iúl freisin an gá atá le treoirlínte comhchuibhithe maidir leis an gcreat a chur chun feidhme ar fud codanna sonracha den earnáil iompair, chun a thuiscint aonfhoirmeach i gcodanna éagsúla den slabhra iompair a áirithiú. Bhí na freagróirí den tuairim chéanna go bhfuil gá le córas tiomnaithe chun sonraí maidir le hastaíochtaí agus próisis ríofa a fhíorú, fiú i gcás go raibh imní ar pháirtithe leasmhara, FBManna go háirithe, maidir leis an ualach riaracháin gaolmhar agus na costais. Maidir leis an infheidhmeacht, cé gur chinn roinnt páirtithe leasmhara gur cheanglas éigeantach ab éifeachtaí chun fíor- chothroime iomaíochta a bhaint amach, measadh ar an iomlán gurbh é an cur chuige 'roghnú a bheith páirteach' an ceann ab indéanta agus ab éifeachtúla.

Sholáthair na Ballstáit aiseolas teoranta don chomhairliúchán, ach sna freagraí a fuarthas léiríodh

[1] Úsáid á baint as modheolaíocht arna soláthar ag caighdeán ISO 14083 (bunaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth a thagann ó úsáid feithiclí agus ó sholáthar fuinnimh feithiclí araon) agus comhpháirteanna breise agus cruinneas méadaithe ag gabháil léi

[2] Rinne an Coiste Eorpach um Chaighdeánú caighdeán ISO 14083 a thrasuí in Aibreán 2023 go caighdeán Eorpach EN ISO 14083. Tagraíonn an tionscnamh seo do leagan Eorpach an chaighdeáin.

[3] Aghaidh a thabhairt ar mheasúnú saolré iomláine ar astaíochtaí GCT a ghintear le táirgeadh, dáileadh, úsáid agus díchóimeáil feithiclí.

| |
|---|
| tacaíocht ghinearálta don réasúnaíocht agus do chuspóirí an tionscnaimh. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Áirítear ar shochair dhíreacha laghdú ar iomlán na gcostas fuinnimh, EUR 2.4 billiún, i gcoibhneas leis an mbonnlíne, arna sloinneadh i bpraghsanna reatha idir 2025-2050. Ina theannta sin, meastar go mbeidh laghdú EUR 674 mhilliún ar chostais sheachtracha d'astaíochtaí GCT mar thoradh air sin, laghdú EUR 163.5 milliún ar astaíochtaí truaillithe aeir, agus laghdú ar thimpistí bóthair arb ionann a luach agus EUR 47 milliún. EUR 3.9 billiún i gcoibhneas leis an mbonnlíne a bheadh i sochair iomlána na rogha beartais ab fhearr, dá bhrí sin, fad a bheadh na glansochair cothrom le EUR 2.4 billiún i gcoibhneas leis an mbonnlíne, arna sloinneadh i bpraghsanna reatha idir 2025-2050.<br><br>Is é athrú iompraíochta chun úsáid modhanna níos inbhuanaithe iompair a mhéadú agus an leas is fearr a bhaint as turais an rud is mó a spreagann na tionchair sin. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar go bhfuil costais na rogha beartais ab fhearr cothrom le EUR 1.5 billiún anuas ar na costais bhonnlíne le linn na tréimhse 2025-2050 (glanluach reatha, le lascaine 3 %).<br><br>Fágfar costais bhreise na rogha beartais ab fhearr faoi na gnólachtaí atá páirteach i seirbhísí iompair, go príomha, na cinn a roghnóidh a bheith páirteach nó a gceanglófar orthu sonraí maidir le hastaíochtaí GCT a chainníochtú agus a roinnt. Baineann cuid mhór de na costais iomlána le tosú, aistriú agus feidhmiú na modheolaíochta tagartha coitinne (caighdeán ISO 14083). Cé go bhfuil costais aonaid na ngníomhaíochtaí fíorúcháin agus na n- uirlisí ríofa níos ísle ná na costais bhonnlíne chomhfhreagracha, eascróidh astu costais bhreise de bharr ghlacadh méadaithe na cuntasaíochta astaíochtaí GCT san earnáil iompair.<br><br>Tabhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil costais agus bunachair sonraí Aontais, a cheanglaítear faoin tionscnamh seo, á mbunú agus á gcoinneáil ar bun, agus seiceálacha ar cháilíocht bunachar sonraí seachtrach á ndéanamh, mar a cheanglaítear chun na bunachair sonraí sheachtracha sin a chomhtháthú faoin gcreat cuntasaíochta astaíochtaí comhchuibhithe.<br><br>Íocfaidh páirtithe leasmhara eile (comhlachais san earnáil ghnó, oifigí náisiúnta staidrimh, comhlachtaí creidiúnúcháin náisiúnta, forbróirí uirlisí ríofa) costais níos ísle i gcomparáid leis na costais thuas. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Tá coinne leis go laghdófar leis an rogha beartais ab fhearr na bacainní atá ann do FBManna i ndáil le cuntasaíocht astaíochtaí GCT seirbhísí iompair, go háirithe trí mhodheolaíocht amháin a sholáthar, chomh maith le creat coiteann sonraí ionchuir agus treoirlínte chun cur chun feidhme an tionscnaimh ar an margadh a chomhchuibhiú. Toisc go bhfuil an tionscnamh leathroghnach agus mar gheall ar an díolúine ón ngá le sonraí maidir le hastaíochtaí GCT agus próisis ríofa a fhíorú, coiscfear drochthionchair eacnamaíocha ar FBManna, go háirithe i dtéarmaí an ualaigh riaracháin agus na gcostas.<br><br>Ós rud é gur FBManna iad formhór mór na gcomhlachtaí a ndéanann an rialachán seo difear dóibh, tá coinne leis gur iadsan is mó a thairbheoidh de na costais fuinnimh níos ísle a mheastar a bheidh ann faoin rogha beartais ab fhearr, mar atá EUR 2,3 billiún. Meastar gur EUR 1,4 billiún, i gcoibhneas leis an mbonnlíne, atá sna costais iomlána do FBManna. Sloinntear an dá fhigiúir i bpraghsanna reatha le linn na tréimhse 2025-2050.<br><br>Dá bhrí sin, tá coinne leis go nginfear leis an tionscnamh seo glansochair fhoriomlána do FBManna, sochair a meastar a bheith cothrom le EUR 0.9 billiún i gcoibhneas leis an mbonnlíne le linn na tréimhse 2025-2050. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Tá formhór na gcomhlachtaí creidiúnúcháin náisiúnta agus na n- oifigí staidrimh náisiúnta, a ndéanfadh an rialachán seo difear dóibh, ag brath ar chistiú stáit. Toisc go bhfuil coinne leis nach n- íocfaidh siad ach sciar an- bheag de na costais a bhaineann le cur chun feidhme an tionscnaimh, tá coinne leis nach mbeidh ach tionchar teoranta aige ar bhuiséid náisiúnta. |

| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
|---|
| Mar gheall ar an rogha beartais ab fhearr sábhálfar 5.6 milliún tona d'astaíochtaí GCT i gcoibhneas leis an mbonnlíne le linn na tréimhse 2025-2050. Is é athrú iompraíochta, chun úsáid níos fearr a bhaint as níos mó roghanna iompair agus athruithe a dhéanamh chun an leas is fearr a bhaint as turais, na rudaí is mó a spreagann é sin. Tá coinne leis freisin go nginfear leis freisin tionchair dhearfacha ar cháilíocht an aeir, iomaíochas, nuálaíocht, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus digitiú na hearnála iompair. |
| **Comhréireacht** |
| Is í an rogha beartais ab fhearr an ceann a tháirgeann an tacar beart is cothroime chun an cuspóir foriomlán beartais a bhaint amach. Tá beartaithe leis go n- úsáidfí caighdeán ISO 14083, ceadaítear do thríú páirtithe a bheith páirteach i soláthar na sonraí ionchuir agus uirlisí ríofa, agus socraítear ceanglais chomhréireacha i ndáil le fíorú sonraí (trí dhíolúine a thabhairt do FBManna). Ina theannta sin, nuair a chuirtear é ar a gcumas d'úsáideoirí an rogha a dhéanamh cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh siad an creat comhchuibhithe i bhfeidhm, sriantar na ceanglais cheangailteacha ar na heintitis a roghnaigh sonraí maidir le hastaíochtaí GCT seirbhísí iompair a chainníochtú agus a roinnt, fad a chruthaítear cothroime iomaíochta le haghaidh cuntasaíochta astaíochtaí agus sonraí astaíochtaí a dhéanamh níos inchomparáide ar fud na modhanna agus na gcodanna éagsúla iompair. |
| **D. Beart Leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar meastóireacht ar an rialachán 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, i.e. tar éis ghlacadh an togra agus na reachtaíochta tánaistí lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe. |